Samhain 2023

webwise.ie

# Ag cabhrú le teaghlaigh agus le scoileanna páistí a choinneáil sábháilte ar líne

Tacaíochtaí maidir leis an tSábháilteacht ar Líne do Bhunscoileanna agus Tuismitheoirí/Caomhnóirí



Co-funded by the European Union

An Roinn Oideachais
Department of Education

# Maidir le Webwise

Ag tacú leis an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna, tá réimse leathan ábhar oiliúna ar fáil trí Chlár Webwise maidir leis an tSábháilteacht Idirlín d'fhonn tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí, scoláirí, agus tuismitheoirí chun dul i ngleic leis an tsábháilteacht ar líne. Is tacaíocht thábhachtach oideachais é Clár Webwise sa réimse seo. Tá Webwise mar chuid d'Oide, seirbhís nua tacaíochta do mhúinteoirí agus ceannairí scoile, a fheidhmíonn faoi scáth na roinne Teicneolaíocht san Oideachas, Oide. Cuireann webwise.ie úsáid an idirlín níos sábháilte agus níos fearr chun cinn trí chur le feasacht agus tograí oideachais a dhíríonn ar mhúinteoirí, leanaí, daoine óga agus tuismitheoirí, arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus an Coimisiún Eorpach.

Forbraíonn agus scaipeann Webwise acmhainní a chabhraíonn le múinteoir an tsaoránacht dhigiteach agus an tsábháilteacht idirlín a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim ina scoileanna. Chomh maith leis sin, cuireann Webwise faisnéis, comhairle agus uirlisí ar fáil do thuismitheoirí chun tacú leo a bheith páirteach i saol na leanaí ar líne. Le cabhair ó Phainéal Comhairleach don Óige de chuid Webwise, forbraítear acmhainní agus cláir oiliúna ardú feasachta atá dírithe ar an aos óg a chuireann an tsaoránacht dhigiteach chun cinn agus a théann i ngleic le topaicí ar nós folláine ar líne, cibearbhulaíochta agus tuilleadh.

**<u>Beartas Náisiúnta agus Eorpach</u>**

Tagann obair de chuid Webwise le colún 3 na Straitéise Digití do Scoileanna, tacaítear le Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus tagann sé leis na 3 cholún de chuid Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh um Idirlíon níos Fearr do Leanaí+;

1. Timpeallacht dhigiteach shábháilte chun páistí a chosaint ó ábhar ar líne atá díobhálach agus mídhleathach.
2. Cumhacht a thabhairt do pháistí sa domhan digiteach agus na scileanna riachtanacha a thabhairt dóibh chun cinntí sábháilte a dhéanamh agus iad féin a chur in iúl ar líne.
3. Rannpháirtíocht ghníomhach na bpáistí a fheabhsú, le tuilleadh gníomhaíochtaí faoi threoir an pháiste chun eispéiris dhigiteacha nuálacha agus chruthaitheacha a chothú.

# TACAÍOCHTAÍ DO THUISMITHEOIRÍ

Léiríonn taighde gurb iad tuismitheoirí an phríomhfhoinse chúnaimh nuair a chuireann rud éigin a tharla ar líne isteach ar na páistí, agus is iad na tuismitheoirí príomhoidí a bpáistí. Mar gheall go bhfuil páistí ag caitheamh níos mó agus níos mó ama ar líne sa bhaile, tá sé riachtanach oideachas a chur ar thuismitheoirí agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir leis seo chun go mbeidh siad in ann iompar cuí ar líne a threisiú. Tá na hábhair thacaíochta seo a leanas ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí;

**Mol Webwise do Thuismitheoirí**
Cuireann Mol Webwise do Thuismitheoirí treoir agus eolas praiticiúil ar fáil do thuismitheoirí maidir le buncheisteanna ar nós úsáid na teicneolaíochta sa bhaile, rialúcháin tuismitheoirí, am ar scáileán, teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, cumarsáid mheasúil ar líne, an chibearbhulaíocht, an ghnéastéacsáil agus roinnt íomhá agus conas páirt a ghlacadh i saol ar líne a bpáistí ar bhealach dearfach. Trí fhíseáin a úsáid, cuireann ár saineolaithe comhairle ar fáil faoi gach rud, mar shampla, labhairt le do pháiste faoi ghnéastéacsáil agus conas dea-iompar a léiriú. Is furasta teacht ar eolas ar an Mol maidir le conas cúnamh breise agus tacaíocht a fháil chun dul i ngleic le hábhar mídhleathach nó úsáid dhíobhálach an idirlín.
www.webwise.ie/parents/

**#TalkListenLearn**
Tá comhráite oscailte rialta a bheith agat ar cheann de na bealaí is éifeachtaí chun tacaíocht a thabhairt do do pháiste ar líne. D'fhorbair Webwise an gineadóir topaicí #TalkListenLearn chun tacú le teaghlaigh comhráite oscailte a bheith acu maidir le húsáid shábháilte an idirlín. Spreagann an gineadóir topaicí teaghlaigh chun suí síos, comhrá oscailte a bheith acu maidir le húsáid shábháilte an idirlín ag baint úsáid as na ceisteanna ar an suíomh gréasáin.
talklistenlearn.webwise.ie/

# TACAÍOCHTAÍ DO THUISMITHEOIRÍ

**Cainteanna do Thuismitheoirí faoi Shábháilteacht Idirlín**

Sa réimse comhoibriú tuismitheoirí, tá cuir i láthair Chainteanna do Thuismitheoirí faoi Shábháilteacht Idirlín saor in aisce, a bhfuil script leo ar féidir le bunscoileanna a úsáid ar mhaith leo oíche sábháilteachta idirlín a eagrú le tuismitheoirí agus an comhoibriú le tuismitheoirí maidir leis an tsábháilteacht ar líne do pháistí agus daoine óga a chur chun cinn. Tugtar eolas ar na haipeanna a bhfuil tóir orthu agus ar na meáin shóisialta sna cainteanna agus clúdaítear príomhthopaicí cosúil leis an líonrú sóisialta, an chibearbhulaíocht, roinnt íomhánna, an ghnéastéacsáil agus bíonn roinnt sainchomhairle agus tacaíocht ar fáil chomh maith.

# Tacaíochtaí do Thuismitheoirí

## NATIONAL PARENTS COUNCIL PRIMARY

**Cainteanna do Thuismitheoirí faoi Shábháilteacht Idirlín**
Tá sé mar sprioc ag an seisiún seo an t-eolas agus na scileanna a chur ar fáil chun páirt a ghlacadh i saol ar líne bhur bpáistí. Pléifear buntáistí agus rioscaí an idirlín agus cuirfear leideanna agus nodanna ar fáil do thuismitheoirí; ag cabhrú le páistí a bheith ina n-úsáideoirí idirlín éifeachtacha, freagracha agus níos sábháilte. Baineann an chumarsáid oscailte agus rialacha agus teorainneacha a leagan amach le páistí leis seo, gnéithe tábhachtacha chun iad a choinneáil sábháilte ar líne, agus i ngach gné eile dá saol freisin. Lena chois sin, fiosraíonn an seisiún seo an chibearbhulaíocht agus conas is féidir linn cabhrú lenár bpáistí foghlaim cén chaoi le dul i ngleic le cásanna cibearbhulaíochta. Tá ár seisiún faoin Sábháilteacht Idirlín ar fáil ar an suíomh gréasáin NPC www.npc.ie.

**Líne Chabhrach do Thuismitheoirí**
Má tá ceist agat maidir le haon ghné d'oideachas bunscoile nó luath-óige do pháiste, déan teagmháil leis an Líne Chabhrach.

Is seirbhís rúnda í an Líne Chabhrach.
Is féidir glaoch a chur ar an Líne Chabhrach Luan go hAoine 10am - 4pm
Guthán: 01 8874477, ríomhphost: helpline@npc.ie agus ríomhchomhrá.

Beidh Oifigigh na Líne Cabhraí ar fáil chun cabhrú leat i dtaca le haon cheist a bheadh agat maidir le hoideachas bunscoile nó luath-óige do pháiste.

# Leideanna Sábháilteachta ar Líne do Thuismitheoirí

**GABH I mBUN AN CHOMHRÁ**
Déan comhrá le do pháiste go rialta faoina rudaí tábhachtacha ar cheart a bheith san airdeall orthu ar líne agus faoi aon chontúirtí féideartha.

**COMHAONTAÍGÍ RIALACHA**
Comhaontaígí rialacha soiléire sa bhaile faoi úsáid an idirlín agus faoin am a chaitear ar scáileán. Cuimhnigh ar an tábhacht atá le cothrom cirt!

**CÚNAMH A LORG**
Cuir do pháiste ar a shuaimhneas gur féidir leis nó léi i gcónaí labhairt leat má tharlaíonn rud ar líne.

**CAITH SÚIL NÍOS GÉIRE AIR**
Níl an t-eolas ar fad atá ar líne cruinn ceart. Spreag do pháiste chun gach eolas a fhaigheann sé nó sí ar líne a mheas go criticiúil.

**DÉAN BEART DE RÉIR BRIATHAIR**
Léirigh dea-shampla do do pháiste. Tá eiseamláir den iompar atá uait ar an tslí is cumhachtaí chun dul i bhfeidhm ar iompar do pháiste!

**BÍ PÁIRTEACH**
Is acmhainn iontach é an tIdirlíon do pháistí! Imir an cluiche ríomhaire is fearr le do pháiste agus fiosraígí an saol ar líne le chéile.

# Tacaíochtaí do Bhunscoileanna

## UIRLISÍ FORBRÓRA AUP

Féadfar an uirlis AUP de chuid Webwise a úsáid chun Polasaí Úsáide Inghlactha oiriúnaithe a chruthú. Tabhair cuairt ar webwise.ie.aup-2 le haghaidh treoirlínte, AUPanna samplacha, Ceisteanna Coitianta agus chun rochtain a fháil ar an uirlis saor in aisce.




## CÚRSAÍ AR LÍNE FAOI SHÁBHÁILTEACHT IDIRLÍN SAOR IN AISCE

Fiosraigh topaic na cibearbhulaíochta trí chúrsa nua 2 uair an chloig féindírithe ar líne. Is féidir teacht ar Understanding, Responding and Preventing Cyberbullying saor in aisce anois ar webwise.ie/cyberbullying-guidance/



## ACMHAINNÍ FAOI SHÁBHÁILTEACHT IDIRLÍN SAOR IN AISCE

Idir rang 1-6, fiosraítear sna hacmhainní topaicí mar shampla an príobháideachas, cumarsáid shábháilte, an chibearbhulaíocht agus litearthacht sna meáin. Is féidir iad a ordú saor in aisce anseo: webwise.ie/teachers/resources/




## MOL WEBWISE DO THUISMITHEOIRÍ

Cuir tuismitheoirí ar an eolas faoin mol webwise.ie/parents nó úsáid cainteanna Webwise le haghaidh Tuismitheoirí chun oíche sábháilteachta ar líne a reáchtáil do thuismitheoirí.



# Tacaíochtaí do Bhunscoileanna

## Beartas Láidir a Fhorbairt

I bhForbairt Pholasaí Láidir Táthar ag súil le go mbeidh Polasaí Úsáide Inghlactha (AUP) i bhfeidhm i ngach scoil a leagan amach cearta, pribhléidí, freagrachtaí agus pionóis a bhaineann le húsáid an idirlín le haghaidh cuspóirí scoile lena n-áirítear úsáid na bhfón cliste agus gléasanna pearsanta. Cuireann na ceannairí scoile, múinteoirí agus an bhainistíocht an Polasaí le chéile agus i gcomhar leis na tuismitheoirí agus na daltaí de ghnáth. Déantar an próiseas comhairliúcháin seo de réir prionsabal Bhille an Oideachais (Cairt an Scoláire agus an Tuismitheora) (Education [Student and Parent Charter] Bill) Tá tacaíochtaí ar fáil do scoileanna ar webwise.ie maidir le conas an polasaí seo a dhréachtú, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Beidh an gá le dul i gcomhairle na dtuismitheoirí agus na scoláirí mar bhonn faoin dlí chomh luath is a achtófar Bille an Oideachais (Cairt an Scoláire agus an Tuismitheora). Tá Treoir don Pholasaí Úsáide Inghlactha agus an Uirlis Ghineadóra ar fáil anseo: https://www.webwise.ie/aup-2/

## Acmhainn an Mhúinteora a Chothú

Sraith maidir leis an tSábháilteacht ar Líne do Scoileanna Sraith cainteanna ina bpléann saineolaithe sa réimse teicneolaíochta digití, OSPS, saineolais acadúil agus dhlíthiúil téamaí cosúil leis an mbulaíocht ar líne, roinnt íomhánna, faisnéis bhréagach ar líne agus ranganna níos óige a chur ar an eolas i dtaobh na sábháilteachta ar líne atá ar fáil anseo: webwise.ie/trending/online-safety-in-the-classroom-webinars-for-primary-and-post-primary-teachers/ Mol Treorach do Mhúinteoirí an Mol Eolais maidir le Treoir Chibearbhulaíochta do Mhúinteoirí atá cruthaithe ag Webwise chun treoir a chur ar fáil do mhúinteoirí agus ceannairí scoile maidir le fadhb na cibearbhulaíochta, cultúr frith-chibearbhulaíochta a chruthú agus folláine na scoláirí a chur chun cinn lena n-áirítear an fholláine ar líne. Tacaíonn sé le múinteoirí agus le ceannairí scoile a bheith páirteach sna cúrsaí cibearb

# Cúrsaí ar Líne d'Oideoirí

**Cibearbhulaíocht a Thuiscint, Cosc a chur uirthi agus Freagra a thabhairt uirthi**
Cabhraíonn an cúrsa cibearbhulaíochta ar líne nua seo eolas a chur ar fáil do mhúinteoirí agus ceannairí scoile i dtaobh na cibearbhulaíochta agus ról na scoile maidir le cultúr frith-chibearbhulaíochta a chruthú agus folláine an scoláire a chur chun cinn lena n-áirítear an fholláine ar líne. Áirítear a leanas leis na topaicí a pléitear; an creat dlíthiúil (Dlí Coco agus reachtaíocht ábhartha eile, ag spreagadh tuismitheoirí, ag dul i ngleic le heachtraí, cosc agus feasacht, etc.)

**Intreoir ar Oideachas um Shaoránacht Dhigiteach (Bunscoil – Cúrsa Samhraidh)**
Cabhróidh an cúrsa tarraingteach agus nua ar líne seo le múinteoirí an tsaoránacht dhigiteach a thuiscint agus cén chaoi leis an tsaoránacht dhigiteach a theagasc agus a léiriú sa seomra ranga. Áirítear leis na topaicí a phléitear: an fholláine ar líne, an litearthacht nuachta agus eolais, príobháideachas, cumarsáid, eitic, comhbhá agus tuilleadh.

Faigh tuilleadh eolais anseo:
https://www.pdsttechnologyineducation.ie/onlinecourses/

# Ceachtanna agus Cainteanna maidir leis an tSábháilteacht ar Líne


## LAOCHRA HTML (RANGANNA 1 – 4)

Múintear tábhacht na saoránachta digití agus na sábháilteachta ar líne do dhaltaí le cabhair na Laochra HTML! Pléitear téamaí mar shampla bheith sábháilte ar líne, eolas iontaofa a aimsiú, príobháideachas, ag comhrá, ag spraoi agus ag foghlaim ar líne. Acmhainní do rang a haon agus a dó agus rang a trí agus a ceathair.



## M'FHÉINÍN AGUS AN DOMHAN MÓR

Acmhainn OSPS é an Lámhleabhar do Mhúinteoirí in aghaidh na Cibearbhulaíochta sna Bunscoileanna a cruthaíodh chun daltaí bunscoile i rang a cúig agus i rang a sé a chur ar an eolas faoin gcibearbhulaíocht.




## ALL ABOARD FOR DIGITOWN

Conair foghlama do pháistí idir 9-12 bhliain d'aois maidir le conas a bheith i do shaoránach digiteach cliste. Cuidigh le daltaí agus iad ag fiosrú choincheap na saoránachta digití thar 10 dtéama éagsúla sa leabhar gníomhaíochtaí le haghaidh DigiTown.




## BÍ CINEÁLTA AR LÍNE

Dearadh Bí Cineálta Ar Líne, a forbraíodh mar chuid de Chlár Scoileanna na nGardaí, chun a chur ar a gcumas do dhaltaí i rang a trí agus a ceathair tuiscint a fháil ar céard is cibearbhulaíocht ann, cén chaoi a bhféadfadh sí cur isteach ar dhuine, agus cén chaoi í a chosc.




## CAINTEANNA MAIDIR LEIS AN TSÁBHÁILTEACHT AR LÍNE A BHFUIL SCRIPT LEO

D'fhorbair Webwise sraith cainteanna a bhfuil script leo le húsáid le rang 1 agus 2, rang 3 agus rang 4, agus rang 5 agus rang 6. Tá na Cainteanna do Bhunscoileanna a bhfuil script leo ar fáil anseo: webwise.ie/saferinternetday/sid-presentations/#sidprimarypresentations

